C/2024/7501

17.12.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

(C/2024/7501)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas in iúl do na daoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart leanúint de na daoine a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 agus i Rialachán (AE) 2024/287 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní na forais le hainmniú na ndaoine lena mbaineann.

Cuirtear in iúl do na daoine gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (féach Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas **roimh an 2 Meán Fómhair 2025**:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl freisin do na daoine lena mbaineann gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L, 2024/254, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/254/oj.
([2]) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.